



Lucsamburg, 14.10.2021

TAGAIRT: CDT-AD5-2021/03
OIFIGEACH TACAÍOCHTA TIONSCADAIL

GRÁD: AD5
ROINN: AN ROINN TACAÍOCHTA AISTRIÚCHÁIN
ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na **Roinne Tacaíochta Aistriúcháin**, go háirithe riachtanais na Rannóige um Ardraitigh Teanga, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin chun liosta cúltaca a dhéanamh chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ¹.

CINEÁL NA DTASCANNA

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do Cheann na Rannóige um Ardraitigh Teanga, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Réitigh Téacs go Caint (S2T) agus Logánaithe Gréasáin a anailísiú, a fheabhsú agus a chothabháil.
- Próisis a chur i gcrích agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun sreafaí oibre uathoibríocha agus leathuathoibríocha a fheabhsú.
- Sonraíochtaí agus moltaí a dhréachtú le haghaidh comhpháirteanna saincheaptha a bhaineann le S2T, Logánú Gréasáin, uirlisí CAT agus sreafaí oibre aistriúcháin.
- Doiciméadú teicniúil agus nósanna imeachta a dhréachtú maidir le cothabháil, imscaradh agus úsáid na gcomhpháirteanna agus maidir le córais a d'fhorbair an fhoireann.
- Gníomhaíochtaí faire teicneolaíochta i réimsí ardraitigh teanga (e.g. S2T, aistriúchán ríomhchuidithe, uirlisí CAT, téarmaíocht, Logánú Gréasáin, etc.).
- Tacaíocht a chur ar fáil do na ranna TF agus Aistriúcháin maidir le comhtháthú i dtimpeallachtaí reatha an Ionaid (e.g. sna réimsí S2T, Logánú Gréasáin, etc.).

¹ Féadfar an liosta ionadaithe céanna sin a úsáid chun baill foirne shealadacha a earcú faoi Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus chun foireann ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de na Coinníollacha céanna sin. Is féidir le baill foirne inmheánacha atá fostaithe mar fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(f) de CEOS (feidhmghrúpa AD), an foilseachán seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar fhoilsiú inmheánach.

- Coinbhinsiúin agus caighdeáin atá bunaithe cheana a chur i bhfeidhm agus a leanúint sna réimsí seo a leanas - aithint cainte, Logánú Gréasáin agus córas bainistíochta sreafa oibre teanga.
- Gníomhaíochtaí bainistíochta tionscadal a stiúradh i réimsí ardréitigh teanga.
- Tacú leis an gCeann Rannóige le gníomhaíochtaí breise riaracháin agus monatóireachta, i bhforbairt ghnó agus i dtacaíocht do chliant.
- Oiliúint a chur ar fáil do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha maidir leis na modúil a úsáideann an tIonad agus na gnéithe teicneolaíochta gaolmhara.
- Tabhairt faoi gníomhaíochtaí atá riachtanach chun glacadh le táirgí insoláthartha arna gcur chun feidhme ag soláthraithe inmheánacha nó seachtracha.

1. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN:

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir 12.11.2021na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh ar an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉAR INCHÁILITHEACHTA:

- a bheith ina náisiúnach le ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh;
- leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán Ollscoile trí bliana ar a laghad arna fhianú le diplóma a bheith acu²;
- scileanna teanga: eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

b) INNIÚLACHTAÍ TEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Dhá bhliain ar a laghad de thaithí ghairmiúil chruthaithe ar thascanna tacaíochta a dhéanamh maidir le haithint Cainte, fotheidealú, tras-scríobh, teicneolaíochtaí foriomlána Téacs go Caint agus rialú cáilíochta teicniúil ilteangach suímh gréasáin;
- Eolas maith ar chórais bhainistíochta sreafa oibre aistriúcháin, uirlisí CAT agus córais bunachair sonraí téarmaíochta.
- Taithí ar uirlisí teicneolaíochta teanga a chomhtháthú i gcórais bhainistíochta sreafaí oibre aistriúcháin (leath-)uathoibríoch.
- Taithí chruthaithe aon bhliain amháin ar a laghad ar thionscadal a threorú i réimse na teicneolaíochta closamhairc.
- Eolas maith ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (leibhéal B2 ar a laghad³).

² Ní chuirtear san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údarás sna Ballstáit sin.

³ Leibhéal arna shainiú de réir Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CCTE).

c) INNIÚLACHTAÍ INMHIANAITHE:

- Eolas agus taithí ar theicnící próiseála teanga nádúrtha agus an cumas iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs bogearraí;
- Eolas nó taithí ar fheidhmeanna aitheanta cainte;
- An cumas ceanglais a dhréachtú i réimse na dteicneolaíochtaí aistriúcháin;
- Taithí ghairmiúil 6 mhí ar a laghad ar obair a dhéanamh in institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht AE nó in institiúid idirnáisiúnta sa réimse saineolais (i.e. teicneolaíocht aistriúcháin nó logánú);
- Eolas ar chaighdeáin aistriúcháin (XLIFF, TMX);
- Eolas maith ar phróisis Bainistíochta Tionscadail agus ar shaolré forbartha bogearraí Agile;
- Eolas agus taithí ar bhainistiú shaolré na mbogearraí.

d) INNIÚLACHTAÍ NEAMHTHEICNIÚLA RIACHTANACHA:

- Cumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal: dea-scileanna dréachtaithe agus achoimrithe; an cumas dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (inmheánach agus seachtrach) agus i dtimpeallacht ilteangach.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas oibriú ina n-aonar agus mar chuid d'fhoireann.
- Tuiscint ar fhreagracht: discríd, rúndacht, beachtas, éifeachtúlacht, infhaighteacht, agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: an cumas chun cúraimí éagsúla a bhainistiú agus chun tosaíochtaí a leagan síos; cur chuige críochnúil; an cumas dul ar aghaidh leat féin agus obair a dhéanamh; solúbthacht.
- Inoiriúnaitheacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus chun obair go maith faoi bhrú; an cumas scileanna nua a fhoghlaim agus dul in oiriúint d'fhorbairtí sa timpeallacht TF.

Déanfar na scileanna sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh (féach pointe 2(b)(i) agus (ii) thíos).

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Cuirfear an chéim réamhroghnúcháin i gcrích ina dá cuid:

- beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta thuasluaite (pointe 1(a)) agus is é an aidhm atá léi a dhearbhu cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin;

- cuirfear taithí ghairmiúil agus pointí eile atá luaite faoi 'Inniúlachtaí teicniúla riachtanacha' (pointe 1(b), (c)) san áireamh sa dara cuid. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh don deichniúr iarratasóirí a n-éiríonn leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun triail scríofa agus chun agallamh a dhéanamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Leanann an chéim roghnúcháin an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Cuirfear an chéim seo i gcrích ina dá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina bhfuil na nithe seo a leanas:

- triail phraiticiúil ar ríomhaire chun an t-eolas atá ag iarratasóirí sna réimsí speisialtóireachta a mheas.

An t-am a cheadaítear: 2 uair.

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Féadfaidh na hiarratasóirí an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis. Tabhair do d'aire le do thoil nach mór d'iarratasóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu na trialacha a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Díreofar san agallamh freisin ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar na hinniúlachtaí atá liostaithe faoi phointí 1(b), 1(c) agus 1(d).

Déanfar an t-agallamh ar an lá a dhéanfar an triail scríofa nó ar an lá (na laethanta) ina dhiaidh.

Is i mBéarla den chuid is mó a reáchtálfar an t-agallamh. Féadfar triail a eagrú le haghaidh teangacha eile de réir an dearbhaithe a dhéanfaidh na hiarrthóirí maidir le heolas ar theangacha.

An t-am a cheadaítear: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 (pasmharc: 12)

Déanfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg. I gcás force majeure, is ar bhonn cianda a dhéanfar na trialacha agus na hagallaimh.

A luaithe is a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta ionadaithe ina gcuimseofar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo in ord aibíte. Is iad na hiarratasóirí a n-éireoidh leo na hiarratasóirí a ghnóthaigh ar a laghad an pasmharc íosta sa triail scríofa agus an pasmharc íosta san agallamh (féach pointí 2(b) (i) agus 2(b) (ii)). Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach gá go ndéanfar duine a earcú de bharr é nó í a bheith ar liosta ionadaithe.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtabharfar cuireadh dóibh an triail a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar lá an agallaimh, arb iad na doiciméid iad a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais. Áirítear i measc na ndoiciméad sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an fheidhm agus cur síos beacht a gcúraimí, etc.

Más ar bhonn cianda a reáchtáiltear na trialacha, féadfaidh na hiarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

Sula mbunófar an liosta ionadaithe, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarthóirí ar éirigh leo san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Ina theannta sin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta a sholáthar.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31 Nollaig 2022 agus féadfar síneadh a chur leis de réir rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá údaraithe conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint d'iarrratasóirí rathúla de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfaí ceangal a chur ar an iarrratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Earcófar na hiarratasóirí roghnaithe san fheidhmghrúpa/grád AD5. Is ionann an buntuarastal míosúil don ghrád AD5 (céim 1) agus EUR 4 917,29. Anuas ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh bail foirme a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), etc. mar shampla.

Lena chois sin, le bheith incháilithe agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarrratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)⁴;
- dul faoi scrúdú leighis atá eagraithe ag an Ionaid Aistriúcháin d'fhonn ceanglais Airteagal 12 (2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ba cheart d'iarrratasóirí leasmhara a n-iarrratas ar líne a chomhlánú trí Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) laistigh den spriocdháta.

Molaimid go mór d'iarrratasóirí gan fanacht go dtí na laethanta deiridh chun iarratas a dhéanamh. Tarlaíonn sé in amanna gur rólódáilte atá an córas sna laethanta roimh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh sé deacair iarratas a dhéanamh in am.

Má tá aon cheist agat, téigh i dteagmháil leis an rannóg Acmhainní Daonna ag E-Selection@cdt.europa.eu.

⁴ Ní mór d'iarrratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

COMHIONANNAS DEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh chun feidhmiú go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaid siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach larscríbhinn I).

IARRATAÍ Ó IARRTHÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINNEANN LEO

Tá an ceart sonrath ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarrataí den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnóireachta faoi na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus Cinneadh Uimh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach ar an [bhfógra príobháideachais sainiúil](#).

IARSCRÍBHINN 1

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara go bhfuil na himeachtaí uile faoi rún. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh ar leith, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ A DHÉANAMH AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Seol litir ina n-iarrtar faisnéis bhreise nó athbhreithniú agus ina sonraítear do chás, chuig:

Faoi bhráid: Cathaoirleach Choiste Roghnúcháin CDT-AD5-2021/03

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12 E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir inar cuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra chomh luath agus is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

Faoi bhráid: An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích CDT-AD5-2021/03

An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Technopolis Gasperich
Oifig 3077
12 E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Na teorainneacha ama chun an dá chineál seo de nós imeachta a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287 an 29.10.2013, Ich. 15 – <http://eur-lex.europa.eu/homepage.html>), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

An tÚdarás atá údaraithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích, tabhair faoi deara nach bhfuil de chumhacht aige na cinntí a dhéanfaidh Coiste Roghnúcháin a leasú. Is í tuairim sheasta na Cúirte nach dtagann an lánrogha leathan atá ag Coistí Roghnúcháin faoi réir a hathbhreithnithe ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh leis an duine seo a leanas:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113 an 4 Bealtaine 1994, Ich. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a

dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ná maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid an Bhinse sin faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.